### Príomhphointí Gníomhartha

- ◆ A Chinntiú go gcuirtear ilroghanna teagmhála os comhair ár gcustaiméirí nuair a théann siad i dteagmháil leis an Roinn, lena n-áirítear limistéir fháiltithe, uimhreacha dhiailiú díreach agus lóghlao, seoltaí ríomhphoist agus láithreán lín.
- ◆ Seirbhís glórphoist a oibriú lasmuigh de na gnáthuaireanta oifige.
- ◆ Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a úsáid go hiomlán chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht sheachadadh na seirbhísí a fheabhsú.
- ◆ Leanúint ar aghaidh le síneadh na modhanna ilíocaíochta.

## COMHIONANNAS NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA

**Prionsabal: Seirbhísí den scoth a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas faoina gceart go bpléifí leo trí mheán ceann amháin nó ceann eile de na teangacha oifigiúla.**

Geallann an Roinn go sásófar ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Féachfaimid lena chinntiú go ndéanfar cúrsaí a éascú do na daoine ar mian leo a ngnóthaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Foilseofar go comhuaineach eochaircháipéisí na Roinne sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon agus foilseofar fógraí agus fógraíochtaí ábhartha go dátheangach. Spreagfar an fhoireann go gníomhach le freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge.

### Príomhphointí Gníomhartha

- ◆ Freagra a thabhairt sa Ghaeilge ar an gcomhfhreagras a fhaightear sa Ghaeilge.
- ◆ Eochaircháipéisí Rannacha a fhoilsiú go comhuaineach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.
- ◆ Oiliúint foirne a sholáthar le leibhéal an chumais agus líon na foirne ar féidir leo seirbhís a thabhairt trí mheán na Gaeilge a mhéadú araon. Spreagfar foireann tosaigh, ach go háirithe, chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú.
- ◆ “Scéim” a ullmhú ina n-implínítear seachadadh sheirbhísí na Roinne sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus go dátheangach.

## COMHORDÚ NÍOS FEARR

**Prionsabal:** Cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite um sheachadadh na seirbhísí poiblí a chothú.

Teastaíonn ionchur ó roinnt Ranna nó Gníomhaireachtaí ó líon nach beag d'fheidhmeanna Rialtais chun is go n-oibreoidh siad go rathúil. Ní foláir dian-iarracht gach páirtí a fháil chuige sin, agus is eochairchuid den chaoi ina ndéanaimid ár ngnó í an teagmháil rialta le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais.

Tá sainchúram fíorleathan ag an Roinn seo againne, a chuimsíonn réimse leathan de shaincheisteanna sóisialta agus eacnamaíochta. Comhoibrímid go dlúth le go leor Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile i gcur i bhfeidhm bheartas an Rialtais. Tá an Roinn seo againne ag feidhmiú a ról chun Rialtas níos soiléire a éascú trí thionscadal BASIS (Rochtain an Ghnó ar Fhaisnéis & Seirbhís an Stáit) ([www.basis.ie](http://www.basis.ie)), agus bímid bainteach go gníomhach freisin le tionscadail OASIS (Rochtain Ar Líne ar Sheirbhísí, Faisnéis & Tacaíocht) ([www.oasis.gov.ie](http://www.oasis.gov.ie)) agus REACH ([www.reach.ie](http://www.reach.ie)).

Áirítear le roinnt de na samplaí de mheicníochtaí maidir le comhordú tras-Rannacha na cinn seo a leanas:

- ◆ Tionscadal BASIS a fhorbairt agus a bhainistiú, ar tionscnamh tras-rannach ríomh-Rialtais é, faoi stiúir na Roinne seo, a sholáthróidh seirbhís don lucht gnó chun is go n-éascófaí an plé leis an Rialtas trí úsáid ghrinn an Idirlín.
- ◆ Comhordú do bheart na Forbartha agus an Nuálaíochta Teicneolaíochta sa Taighde (RTDI) i gClár Oibriúcháin na hEarnála

Táirgiúla de chuid an NDP agus fosta d'éifeachtúlacht an Chórais Náisiúnta Nuálaíochta .i. na naisc idir Rialtas, Gnó, Institiúidí 3ú Leibhéal agus Gníomhaireachtaí an Stáit.

- ◆ Comhordú agus forbairt ar dhearcadh Rannach um shaincheisteanna comhshaoil a théann i gcion ar an lucht tionscail. Bíonn comhoibriú nach beag tras-rannach ann chun a chinntiú go mbaintear amach cothrom ceart idir an gá le cosaint comhshaoil agus buairimh iomaíochta lucht gnó na hÉireann; leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Ranna Rialtais eile, na gníomhaireachtaí forbartha tionscail, comhlachtaí ionadaíochta an lucht tionscail agus leas-sealbhóirí eile nach iad.
- ◆ Rannchuidiú le Straitéis Fostaíochta an AE, agus le táirgeadh an Phlean Ghníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht ach go háirithe, a ionchorpraíonn beartais gach Roinn Rialtais mar a bhaineann siad le margadh na fostaíochta agus an tsothair.
- ◆ Beartas um imirce eacnamaíochta a fhorbairt i ndlúthchomhairle le Ranna Rialtais ábhartha eile, go háirithe an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.
- ◆ Clár na Foghlama Fad-Saoil a chur i bhfeidhm, agus go sonrath na moltaí a thagann faoi shainchúram na Roinne seo, trí chomhráite agus comhaontú le FÁS.

### Príomhphointí Gníomhartha

- ◆ Leanúint den rannpháirteachas i réimse leathan líonraí idir-rannacha agus idir-rannógacha.
- ◆ Athbhreithniú dár gcuidreamh le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais, ag féachaint le seirbhísí a chomhtháthú mar ar féidir éifeachtúlacht níos mó agus

seirbhís custaiméirí feabhsaithe a bhaint amach.

- ◆ Ár nósanna imeachta don chomhordú inmheánach a scrúdú sa tsúil is go neartófaí agus go gcuíchóireofaí ár gcumais chomhordaithe.
- ◆ Rannpháirteachas a ghlacadh i dtionscadail atá ag teacht aníos faoi scáth an ríomh-Rialtais.

## AN CUSTAIMÉIR INMHEÁNACH

**Prionsabal: A chinntiú go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht chuí dóibhsean agus go dtéitear ina gcomhairle maidir le saincheisteanna um sheachadadh seirbhíse.**

Creidimidne chun is go seachadfaí seirbhís den scoth dár gcustaiméirí seachtracha, go gcaithfí ár seirbhís um chustaiméirí inmheánacha ar bheith ar chaighdeán comhchosúil léi. Is í foireann na Roinne an eochair um sheachadadh de sheirbhís custaiméirí d'ardchaighdeán. Is mar gheall air sin go n-aithnímidne an tábhacht a bhaineann leis na struchtúir a bheith in ionad againn ar gá chun feidhmíocht, inspreagadh agus cumais na foirne a optamú.

Aithnímid na dúshláin agus na deiseanna ón bpróiseas díláraithe le ceapadh struchtúir úra a thacaíonn le seachadadh de Sheirbhís Custaiméirí d'Ardchaighdeán.

### Príomhphointí Gníomhartha

- ◆ Comhairliúchán a dhéanamh le custaiméirí inmheánacha agus caighdeán íomchuí a bhunú ar féidir linn a bheith ag dúil leo óna chéile.
- ◆ Cairt do Chustaiméirí Inmheánacha a fhorbairt.

- ◆ A Chinntiú trínár straitéisí sna hAcmhainní Daonna, i mBainistiú Feidhmíochta agus san Oiliúint go dtugtar an oiliúint agus na deiseanna forbartha is fearr agus is féidir don fhoireann.
- ◆ A chinntiú go dtugtar lán-fhaisnéisiú do gach duine den fhoireann um na himpleachtaí dóibhsean a bhaineann leis na caighdeáin um dhea-sheirbhís do chustaiméirí a leagtar amach i gCairt na Roinne do Chustaiméirí sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí.

# TIOMANTAS DO NA CAIGHDEÁIN SEIRBHÍSE A LEAGTAR INÁR GCAIRT UM CHUSTAIMÉIRÍ

Doimhneofar sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí seo forghníomhú leanúnach phrionsabail na seirbhíse d'ardchaighdeán do chustaiméirí. Chun tacú lenár gCairt Chustaiméirí a foilsíodh le déanaí, ach go háirithe trí phrionsabal na seirbhíse d'ardchaighdeán, mar atá Faisnéis, Tráthúlacht agus Cuirteis, agus Rogha; leanfaimid orainn ag soláthar na seirbhíse is fearr agus is féidir dár gcuid custaiméirí trí chloí leis na caighdeáin a imlínítear thíos.

## CÓD CLEACHTAIS DON GHUTHÁN

Nuair a fhreagraímid an guthán, bíonn sé mar aidhm againn:

- ◆ Gach glao gutháin a fhreagairt go pras agus le cuirteis;
- ◆ A chinntiú go sloinneann oibreoír an lasc-chláir ainm na Roinne;
- ◆ Sinn féin a chur in aithne agus ainm ár rannóige a thabhairt;
- ◆ A thairiscint don ghlaiteoir a n-uimhir a ghlacadh agus glao ar ais mura féidir an fiosrú a fhreagairt ar an toirt;
- ◆ A chur in iúl don ghlaiteoir má bhíonn sé riachtanach an glao a aistriú, agus sonraí teagmhála an duine a n-aistrítear an glao chucu a thabhairt;
- ◆ Uimhreacha um Dhiailiú Isteach Díreach (DID) a thabhairt más féidir ar chor ar bith é. Cuireann sé sin ar chumas na nglaoiteoirí chun dul i dteagmháil le pearsanra na Roinne go díreach gan a dhul trí mheán an lasc-chláir;
- ◆ An glaoiteoir a chur ar an eolas i leith Uimhir Lóghlao na Roinne – **1890 220 222**

– a chumasaíonn glaoiteoirí ó chearn ceann na tíre chun teagmháil a dhéanamh leis an lasc-chlár i mBaile Átha Cliath ag an ráta áitiúil.

## CÓD CLEACHTAIS DON GHLÓRPHOST

Beartóimid, in oibriú ár gcórais ghlórphoist, chun:

- ◆ Ár nglao a atreorú chuig glórphost nó chuig ball eile foirne nuair a bhímid féin as láthair ón oifig;
- ◆ Beannachtaí suas chun dáta a thaifeadh agus tráth rochtana na dteachtaireachtaí a fhágtar a shloinneadh;
- ◆ Teachtaireachtaí glórphoist a sheiceáil ar fhilleadh dár n-oifigí dúinn, agus go rialta i rith an lae oibre.

## CÓD CLEACHTAIS CHUN PLÉ LE COMHFHREAGRAS

Nuair a théitear inár dteagmháil trí mheán litreach nó ríomhphoist, bíonn sé mar aidhm againn:

- ◆ A chinntiú go ndírítear an post a fhaightear go lárnach chuig an ball cuí foirne lena fhreagairt;
- ◆ Freagra eatramhach a eisiúint, mura féidir freagra deimhnitheach a eisiúint laistigh de 15 lá oibre, ina gcuirtear in iúl don chomhfhreagraí go bhfuiltear ag tabhairt aird ar an ábhar agus go n-eiseofar freagra cinnte faoi dháta ar leith;
- ◆ A chinntiú go mbíonn ainm teagmhála agus uimhir ghutháin dhiailiú díreach le

gach freagra. Más lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath atá an seoltóir ina c(h)ónaí, soláthrófar an uimhir Lóghlao freisin (1890 220 222);

- ◆ Teanga shimplí a úsáid inár gcuid freagraí. Más amhlaidh go gcaitear téarmaí teicniúla a úsáid, míneofar iad seo;
- ◆ Freagra a thabhairt sa Ghaeilge má roghnaíonn an custaiméir a gcuid gnóthaí a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

## CÓD CLEACHTAIS CHUN PLÉ LE CUAIRTEOIRÍ

Nuair a phléimid le cuairteoirí:

- ◆ Eagróimid, nuair a thagann cuairteoirí le coinne roimh ré, go dtabharfaidh foireann an fháiltithe cuireadh dóibhsean chun feitheamh sna suíocháin ag an bhfáiltiú agus go bhfreastalóidh ball cuí foirne orthu go pointeáilte;
- ◆ Caithfidh le gach cuairteoir go deamhúinte agus le cuirtéis;
- ◆ Beidh meas againn ar phríobháideacht cuairteora nuair is gá rúndacht a bheith ann;
- ◆ Cinnteoidh go mbíonn ár n-oifigí inrochtana do dhaoine le míchumais agus do dhaoine eile le sainriachtanais agus comhallfaimid le caighdeáin saothair agus sábháilteachta. Cothabhálfar na háiseanna fáiltithe agus sheomra feithimh go caighdeáin inghlactha glaine agus compoird;
- ◆ Cinnteoidh go bhfógraítear d'fhoireann an fháiltithe roimhré faoi ainm, eagrais agus tráth sceidealta choinne an chuairteora. Soláthrófar freisin sonraí teagmhála Oifigeach na Roinne lenar socraíodh an choinne.

## CUIDIGH LINN CHUN CUIDIÚ LEAT

Chun cúnamh linn chun seirbhísí den scoth a sholáthar duitse, ár gcustaiméirne, bheifí buíoch dá bhféadfá: -

- ◆ Tagairt a dhéanamh d'uimhreacha tagartha, más ann dóibh, i ngach comhfhreagras/cumarsáid leis an Roinn;
- ◆ A chinntiú go gcomhlánaítear gach foirm go hiomlán agus, más riachtanach, go sínítear iad sula gcuirtear faoinár mbráid iad;
- ◆ Gach cáipéisíocht tacaíochta ar riachtanach í a sholáthar;
- ◆ A chinntiú go gcuirtear isteach gach foirm iarratais in am trátha nuair a bhíonn dátaí deiridh i bhfeidhm;
- ◆ Coinne a dhéanamh roimh ré má bhíonn sé i gceist agat teacht isteach chun bualadh le duine faoi leith;
- ◆ A chur in iúl dúinn roimhré mura féidir leat teacht chuig coinne;
- ◆ Caitheamh lenár bhfoireann le cuirtéis agus urraim.

# AGUISÍN 1

## CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tiomanta do sheachadadh an chaighdeáin is airde de sheirbhís dár gcustaiméirí agus chun feabhsú leanúnach a chinntiú i gcaighdeán na seirbhíse a sholáthraimidne.

### TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Rachaimid i ngleic le d'fhiosrúsa chomh tapa agus is féidir agus beimid cuidiúil dea-bhéasach cúirtéiseach inár gcuid plé go léir leat.

#### Nuair a théitear inár dteagmháil, bíonn sé mar aidhm againn:

- ◆ 90% de ghlaonna a fhreagairt laistigh de 20 soicind;
- ◆ Sinn féin a aithint ar fhreagairt;
- ◆ Plé le d'fhiosrú nó glao a eagrú leat nuair a bhíonn an fhaisnéis ar fáil;
- ◆ Freagairt go pras nuair a fhaightear teachtaireachtaí glórphoist;
- ◆ Do theagmháil linn a éascú trí sheirbhís lóghlao a sholáthar ag **1890 220222**.

#### Nuair a théitear inár dteagmháil trí mheán litreach nó ríomhphoist, bíonn sé mar aidhm againn:

- ◆ Freagra iomlán a thabhairt laistigh de 15 lá oibre i 90% de na cásanna. Mura féidir é sin a dhéanamh, eiseofar freagra eatramhach á chur in iúl duit cén uair is féidir leat a bheith ag dúil le freagra iomlán;
- ◆ Scríobh i dteanga shoiléir;
- ◆ Ainm teagmhála, uimhir theileafóin agus seoladh a sholáthar ar gach comhfhreagrais.

#### Bíonn sé mar aidhm againn nuair a bhuaileann tú linn go pearsanta:

- ◆ Bualadh leat go pointeáilte ag an tráth sceidealta nuair a bhíonn coinní ceaptha;
- ◆ Oifigí poiblí ar glan, inrochtana agus fáiltiúil iad a sholáthar a shásaíonn caighdeán na sláinte agus na sábháilteachta;
- ◆ An rochtain do dhaoine le míchumais agus do dhaoine eile le sainriachtanais a éascú.

### LÁITHREÁN LÍN

Soláthraíonn suíomh gréasáin na Roinne ag **www.entemp.ie** eolas um ghníomhaíochtaí na Roinne ar bhealach a bhíonn dírithe ar chustaiméirí. Is í ár n-aidhm ná go mbeidh an suíomh gréasáin:

- ◆ Inrochtana do chách, lena n-áirítear daoine le míchumais;
- ◆ Preasráitis agus foilseacháin suas chun dáta a sholáthar lena n-íoslódáil;
- ◆ Áiseanna a sholáthar d'fhiosruithe, moltaí agus gearáin;
- ◆ Sonraí teagmhála úsáideacha a sholáthar;

### COMHIONANNAS/ÉAGSÚLACHT

Ardóimid leibhéal na feasachta um chomhionannas agus éagsúlacht sa Roinn trí oiliúint, eolas agus cumarsáid. Cinnteoidimid, inár bplé leis na custaiméirí, go dtacaítear leis na cearta ar chóir chomhionann a bhunaítear le reachtaíocht an chomhionannais.

## GEARÁIN

Cothabhálfaimid córas trédhearcach so-úsáidte chun dul i ngleic le gearáin fhoirmiúla faoi chaighdeán na seirbhíse a sholáthraítear.

Déanfar taifeadadh ar gach gearán a fhaightear ar a fháil, agus eiseofar aitheantas laistigh de 2 lá oibre, agus eiseofar freagra iomlán laistigh de 17 lá oibre.

Déanfaimid iarracht, sna cásanna inar féidir linn, na deacrachtaí ag an gcéad líne teagmhála a réiteach. Nuair nach féidir an gearán a réiteach ag an leibhéal sin, beidh tú in ann an gearán a thabhairt chuig duine ainmnithe ag Leibhéal Rannógach nó, mar mhalairt scéil, chuig Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí na Roinne.

Tuairisceoidimid go bliantúil um leibhéal agus bunbhrí na ngearán a fhaightear faoi réir an nós imeachta seo.

## TEANGACHA OIFIGIÚLA

Déanfaimid ár ndícheall chun do chás a éascú má iarrann tú go bpléifí leat trí mheán na Gaeilge. Déanfaimidne:

- ◆ Freagra a thabhairt sa Ghaeilge má fhaightear an comhfhreagras sa Ghaeilge;
- ◆ Eochaircháipéisí Rannacha a fhoilsiú go comhuaineach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.

## IARRATAIS A CHUR ISTEACH

Bíonn sé mar aidhm againn nuair a chuireann tú isteach iarratas faoin **Acht um Shaoráil Faisnéise**

- ◆ D'iarratas-sa a aithint chomh luath agus is féidir. Freagra a thabhairt ar d'iarratas-sa laistigh de 20 lá oibre óna fháil, nó rachfar i do theagmháil sa chás nach féidir é sin a dhéanamh.

Nuair a chuireann tú isteach iarratas ar

**Íocaíochtaí Iomarcaíochta**, bíonn se mar aidhm againn

- ◆ Ollsuimeanna a íoc laistigh de 4 seachtaine ó fháil éilimh bhailí;
- ◆ Lacáistí a phróiseáil go fostaithe laistigh de 10 seachtain ó fháil iarratais bhailí.

Nuair a chuireann tú isteach iarratas ar

**Íocaíochtaí Dócmhainneachta**, bíonn se mar aidhm againn

- ◆ Íocaíochtaí dócmhainneachta a phróiseáil laistigh de 4 seachtaine ó fháil éilimh bhailí.

Nuair a chuireann tú isteach iarratas ar

**Cheadúnas Oibre**, bíonn se mar aidhm againn

- ◆ Cinneadh a eisiúint agus ceadúnas oibre a eisiúint mar is cuí laistigh de 8 seachtaine ó fháil iarratais bhailí.

Nuair a chuireann tú isteach iarratas ar

**Cheadúnas Allmhairithe**, bíonn se mar aidhm againn

- ◆ Ceadúnas allmhairithe a phróiseáil laistigh de 2 lá oibre ó fháil iarratais bhailí.

Nuair a chuireann tú isteach iarratas ar

**Cheadúnas Onnmhairithe** do tháirgí dé-úsáide, bíonn sé mar aidhm againn

- ◆ Ceadúnas onnmhairithe a eisiúint laistigh de 1 seachtain ó fháil iarratais bhailí agus sa chás nach mbíonn aon chomhairliúchán riachtanach.

## CUIDIGH LINN CHUN CUIDIÚ LEAT

- ◆ Trí gach foirm iarratais a chomhlánú go cúramach;
- ◆ Trí eolas iomlán cruinn a sholáthar nuair a dhéanann tú teagmháil linn;
- ◆ Trína chur in iúl dúinn roimhré mura féidir leat teacht chuig coinne éigin;
- ◆ Trí mholtaí nó tuairimí a thabhairt faoi na seirbhísí a fhaigheann tú;
- ◆ Trína chaitheamh lenár bhfoireann le cuirtéis agus urraim.

## EOLAS BREISE

Bíonn leagan Gaeilge agus leagan i bhformáid leictreonach dár gCairt um Chustaiméirí ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag [www.entemp.ie](http://www.entemp.ie).

### Sonraí Teagmhála

Féadtar teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Uas. John P. Kelly, Oifigeach na Seirbhíse d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí, ag:

Aonad na Seirbhíse d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí  
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta  
Sráid Chill Dara  
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 631 2118 nó 631 2114  
Ríomhphost: [customerservice@entemp.ie](mailto:customerservice@entemp.ie)

### Teagmhálacha Úsáideacha Eile

Faisnéis um Chearta Fostaíochta  
Teileafón: (01) 631 3131  
Lóghlao: 1890 201615  
Ríomhphost: [erinfo@entemp.ie](mailto:erinfo@entemp.ie)

Faisnéis um Cheadúnais Oibre  
Teileafón: (01) 631 3308 nó 631 3333  
Lóghlao: 1890 201616  
Ríomhphost: [workpermits@entemp.ie](mailto:workpermits@entemp.ie)

Oibríonn na Rannóga sin córas scuaine teileafóin.

Téigh i dteagmháil leis an Oifig lena mbaineann chun tuilleadh eolais a fháil faoi na seirbhísí agus caighdeáin lena féidir leat a bheith ag dúil ó na hOifigí seo a leanas den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí  
[www.cro.ie](http://www.cro.ie)

An tÚdarás Iomaíochta  
[www.tca.ie](http://www.tca.ie)

An Binse Achomhairc Fostaíochta  
[www.entemp.ie/employment/appeals](http://www.entemp.ie/employment/appeals)

An Chúirt Oibreachais  
[www.labourcourt.ie](http://www.labourcourt.ie)

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais  
[www.lrc.ie](http://www.lrc.ie)

Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí  
[www.odca.ie](http://www.odca.ie)

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach  
[www.odce.ie](http://www.odce.ie)

Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann

Oifig na bPaitinní  
[www.patentsoffice.ie](http://www.patentsoffice.ie)

## AGUISÍN 2

### NÓS IMEACHTA NA ROINNE UM GHEARÁIN

#### ÁR DTIOMANTASNA

Táimidne tiomanta do chur chun cinn na cáilíochta, na hoscailteachta agus na trédhearcachta i seachadadh ár seirbhísí dár gcustaiméirí, mar a leagtar amach sna Prionsabail do Sheirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí ar ghlac an Rialtas leo i mí Iúil na bliana 2000. Bíonn sé mar aidhm againn na caighdeáin sin a shásamh i dtólamh. Mura mbíonn tú sásta leis an gcaighdeán seirbhíse a fhaigheann tú, ámh, nó go mbraitheann tú go bhféadfaí feabhsúcháin a bheartú, fáiltímidne roimh d'aiseolas agus pléifimid le gach moladh agus gearán go mion agus go cothrom.

Rachfar i ngleic ar an toirt le haon mhíshástacht leis an gcaoi ina seachadann an Roinn a seirbhísí. Seolfar aitheantas agus freagra scríofa iomlán laistigh de 17 lá oibre ó fháil an ghearáin. Nuair is gá, cinnteoidimid go gceartófar cúiseanna an ghearáin agus nach ndéanfar in athuair iad amach ansin.

Má bhíonn tú míshásta fós, tabharfaimid comhairle duit faoi do cheart reachtúil chun an t-ábhar a leanúint a thuilleadh leis an Ombudsman.

#### SAINCHEISTEANNA A GCUIMSÍONN AN NÓS IMEACHTA UM GHEARÁIN IAD

Téann Nós Imeachta na Roinne um Ghearáin i ngleic le gearáin a bhaineann le leibhéal agus caighdeán na seirbhísí a sholáthraímidne. Má bhraitheann tú nár shásúil í an tseirbhís a fuair tú, ba mhaith linn éisteacht leat.

Má bhraitheann tú nach mbíonn gníomh nó cinneadh de chuid na Roinne a chuireann isteach ort de réir ár rialacha ná beartas, féadfaidh tú achomharc a thabhairt ar na cinntí sin chuig an Roinn, an Ombudsman nó an Coimisinéir Faisnéise.

#### SAINCHEISTEANNA NACH GCUIMSÍONN AN NÓS IMEACHTA UM GHEARÁIN IAD

Tá dhá phríomhchineál gearáin ann nach gcumhdaíonn an Nós Imeachta iad

- ◆ Na gearáin a bhaineann le seirbhísí a sholáthraíonn oifigí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí faoi choimirce na Roinne; ba chóir iad a dhíriú go díreach orthusan. Soláthraítear sonraí iomlána teagmhála in Aguisín 3.
- ◆ Saincheisteanna a bhfuiltear á scrúdú faoi láthair. Má tá gearán tógtha agat cheana féin um an tsaincheist seo, bí foighneach le do thoil. Ní féidir linn plé le hilghearáin faoin tsaincheist chéanna.

## CONAS A DHÉANANN DUINE/TÚ GEARÁN?

Is féidir leat gearán a thabhairt trí dhul i dteagmháil leis an oifig lena mbaineann

- Go pearsanta
- Thar an bhfón nó trí fhacs
- I bhfoirm scríbhíne
- Trí ríomhphost
- Trí Fhoirm na nGearán a chomhlánú ar líne ([www.entemp.ie](http://www.entemp.ie))

Nó trí dhul i dteagmháil le hAonad Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne

Teil: 01 – 631 2118 nó 631 2114

Ríomhphost: [customerservice@entemp.ie](mailto:customerservice@entemp.ie)

Facs: 01-631 2827

Más ann d’aon ní a d’fhéadfadh cur isteach ar do chumas chun gearán a dhéanamh, cuir Oifigeach Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne ar an eolas agus déanfaimid gach iarracht chun cúnamh leat.

## SEIRBHÍS TRÍ GHAELGE

Tabharfaimid gealltanas go ndéanfaimid gach iarracht chun déileáil le haon ghearán as Gaeilge má iarrtar orainn amhlaidh

## AN MÉID A DHÉANFAIMIDNE

- ◆ Cuirfear ar aghaidh cóip chrua de nós imeachta na Roinne chugat ar fháil do ghearáinse.
- ◆ Próiseálfaidh ball foirne san Oifig lena mbaineann do ghearán sa chéad dul síos agus déanfaidh sé/sí a d(h)ícheall chun do ghearán a réiteach go sciobtha agus gan an iomarca fuadair.
- ◆ Nuair a fhaightear do ghearán, taifeadfar é agus eiseofar aitheantas laistigh de 2 lá oibre. Eiseofar freagra iomlán laistigh de

17 lá oibre. Tairgfear míniúchán agus/nó gealltanas chugat más féidir chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist.

- ◆ Mura mbíonn tú sona le freagra na Roinne, tabharfar comhairle chugat chun athbhreithniú a lorg a láimhseálfaidh Oifigeach Rannógach um Ghearáin é. Ní mór duit an t-athbhreithniú sin a iarraidh laistigh de 17 lá oibre ó fháil an bhunfhreagra.

## CONAS A LORGAÍTEAR ATHBHREITHNIÚ?

### NUAIR A IARRTAR ATHBHREITHNIÚ

- Ba chóir duit Foirm na nGearán a chomhlánú a bhíonn ar fáil ón Roinn nó ónár suíomh gréasáin ([www.entemp.ie](http://www.entemp.ie)).
- Ba cheart duit an fhoirm a sheoladh chuig an Roinn laistigh de **17** lá oibre ó fháil freagra ón Aonad Gnó lena mbaineann.
- Cuir ainm an duine, na hearnála nó na rannóige, agus an dáta ar ar tharla an fhadhb san áireamh ann.
- Tabhair tásca faoin bhfáth go gcreideann tú gur briseadh caighdeán áirithe seirbhíse, agus tabhair samplaí sonracha. Tugtar cuireadh duit freisin aon eolas cúlra ábhartha eile a áireamh ann chun cabhrú linn plé le do ghearán go héifeachtúil.

Seolfar aitheantas chugat ag Oifigeach na nGearán Rannógach laistigh de **2** lá oibre agus seolfar freagra iomlán laistigh de **17** lá oibre.

## ATHBHREITHNIÚ AG OIFIGEACH SHEIRHBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ NA ROINNE

Má bhíonn tú fós míshásta le freagra na Roinne, breathnóidh an tUas. John P. Kelly, ár nOifigeach um Ghearáin na gCustaiméirí, isteach a thuilleadh san ábhar agus tiocfaidh sé ar ais chugat le cinneadh éigin. Is féidir dul i dteagmháil leis an Uas. Kelly ag an Uimhir theil: 01-631 2395 nó trí ríomhphost ag [john\\_p\\_kelly@entemp.ie](mailto:john_p_kelly@entemp.ie)

## RÓL AN OMBUDSMAN

Má bhíonn tú míshásta leis an gcaoi inar phléigh an Roinn le do ghearánsa, bíonn an ceart reachtúil agat gearán a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman.

Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman ag:

18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach,  
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 639 5600 nó 1890223030

Ríomhphost: [ombudsman@ombudsman.irlgov.ie](mailto:ombudsman@ombudsman.irlgov.ie)

Gréasán: [www.ombudsman.ie](http://www.ombudsman.ie)

## OIFIGI GH NA NGEARÁN SNA RANNÓGA

### *Rannóg/Earnáil*

#### **Seirbhísí Corparáideacha & Beartas Eacnamaíochta**

##### *Oifigeach na nGearán*

Cora Scully Uasal

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 2398

Ríomhphost: [cora\\_scully@entemp.ie](mailto:cora_scully@entemp.ie)

### *Rannóg/Earnáil*

#### **Ceartha na Fostaíochta & Caidrimh**

##### **Thionsclaíochta**

##### *Oifigeach na nGearán*

An tUas. Seán Ward,

Teach Davitt,

65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 3044

Ríomhphost: [sean\\_ward@entemp.ie](mailto:sean_ward@entemp.ie)

### *Rannóg/Earnáil*

#### **Fiontraíocht & Gníomhaireachtaí**

##### *Oifigeach na nGearán*

An tUas. Michael Davitt,

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 2149

Ríomhphost: [michael\\_davitt@entemp.ie](mailto:michael_davitt@entemp.ie)

### *Rannóg/Earnáil*

#### **An Eolaíocht & an Teicneolaíocht & an Mhaoin Intleachtúil**

##### *Oifigeach na nGearán*

Ellen Mac Cafferty Uasal,

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 2909

Ríomhphost: [ellen\\_maccafferty@entemp.ie](mailto:ellen_maccafferty@entemp.ie)

### *Rannóg/Earnáil*

#### **An Tráchtáil, Tomhaltóirí & An Iomaíocht**

##### *Oifigeach na nGearán*

An tUas. Dermot Sheridan,

Lárionad Earlsfort,

Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 2718

Ríomhphost: [dermot\\_sheridan@entemp.ie](mailto:dermot_sheridan@entemp.ie)

### *Rannóg/Earnáil*

#### **Forbairt an Lucht Shaothair**

##### *Oifigeach na nGearán*

Deirdre O'Higgins Uasal,

Teach Davitt,

65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 3146

Ríomhphost: [deirdre\\_ohiggins@entemp.ie](mailto:deirdre_ohiggins@entemp.ie)

### *Division*

#### **Iomaíocht agus Gnóthaí Idirnáisiúnta**

##### *Complaint Officer*

An tUas. Micheál McUaithne,

Lárionad Earlsfort,

Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 631 2530

Ríomhphost: [michael\\_greene@entemp.ie](mailto:michael_greene@entemp.ie)

## AGUISÍN 3

### PRÍOMHPHOINTÍ TEAGMHÁLA LAISTIGH DEN ROINN

Leagtar amach thíos roinnt de na príomhphointí teagmhála istigh sa Roinn:

#### AONAD NA NACMHAINNÍ UM FHAISNÉIS & EAGRÚCHÁN

Tugann aghaidh ar fhiosruithe a bhaineann le faisnéis ghinearálta um an Roinn, agus feidhmíonn mar phointe tagartha dóibhsean nach soiléir dóibh an té ar chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis/léi istigh sa Roinn féin. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 2100  
**Lóghlao:** 1890 220 222 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 2827  
**Ríomhphost:** [info@entemp.ie](mailto:info@entemp.ie)

#### AN TSEIRBHÍS FHAISNÉISE UM CHEARTA NA FOSTAÍOCHTA

Soláthraíonn eolas faoin réimse leathan reachtaíochta fostaíochta a dhéanann an Roinn a riaradh. Tairgeann sí faisnéis freisin um na nósanna imeachta cuí de réir míreanna faoi leith de reachtaíocht na fostaíochta. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 3131  
**Lóghlao:** 1890 221 615 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 3267  
**Ríomhphost:** [erinfo@entemp.ie](mailto:erinfo@entemp.ie)

#### SEIRBHÍS FHAISNÉISE NA GCEADÚNAS OIBRE

Pléann le glaonna a bhaineann le saincheist na gceadúnas oibre do náisiúnaigh nach náisiúnaigh den AE/LEE iad. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 3333/3308  
**Lóghlao:** 1890 201 616 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 3268  
**Ríomhphost:** [workpermits@entemp.ie](mailto:workpermits@entemp.ie)

#### AONAD NA SAORÁLA FHAISNÉISE

Pléann le hiarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Bíonn an ceart ag gach aon duine chun:

- ◆ Rochtain a fháil ar thaifid a bhíonn i seilbh na Roinne.
- ◆ Faisnéis phearsanta a bhaineann leis an duine féin, agus a bhíonn i seilbh na Roinne, a cheartú sa chás ina mbíonn sí neamhchruinn, neamhiomlán nó míthreorach.
- ◆ Rochtain ar chúiseanna na gcinntí lena nglacann an Roinn a théann i bhfeidhm go díreach ar an duine féin. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 2317/2318/2319  
**Lóghlao:** 1890 220 222 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 2301  
**Ríomhphost:** [foiunit@entemp.ie](mailto:foiunit@entemp.ie)

## AN T-AONAD UM CHEADÚNÚ ALLMHAIRÍ

Bíonn sé freagrach as eisiúint na gceadúnas d'allmhaireoirí i ndáil le hearraí a thagann faoi réir shrianta allmhairithe an AE, ar nós srianta cainníochta nó bearta faireacháin. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 2541  
**Lóghlao:** 1890 220 222 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 2562  
**Ríomhphost:** [internal\\_market@entemp.ie](mailto:internal_market@entemp.ie)

## AN T-AONAD UM CHEADÚNÚ ONNMHAIRÍ

Bíonn sé freagrach as bainistiú na rialachán ar onnmhairí na míreanna dé-úsáide, na míreanna míleata agus míreanna le sprioc sna tíortha a mbíonn smachtbhannaí i bhfeidhm ina leith. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 2541  
**Lóghlao:** 1890 220 222 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 2562  
**Ríomhphost:** [internal\\_market@entemp.ie](mailto:internal_market@entemp.ie)

## RANNÓG NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ DÓCMHAINNEACHTA

Riarann Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta le híoc d'fhiacha áirithe a bhaineann le pá a chinntiú, lena n-áirítear riaráistí pá, pá saoire agus teidlíochtaí um fhógra íosta d'fhostaithe sna cásanna ina mbíonn fostóir dócmhainneach agus go dtagann siad faoi scóip na Scéime. Bíonn eolas ginearálta faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta ar fáil ón Aonad um Chearta na Fostaíochta. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 3131  
**Lóghlao:** 1890 201 615 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 3217  
**Ríomhphost:** [erinfo@entemp.ie](mailto:erinfo@entemp.ie)

## RANNÓG NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA

Cinntíonn go seachadtar an tseirbhís íocaíochtaí d'fhostóirí (íoc na lacáistí) agus d'fhostaithe ar mhainnigh a bhfostóirí chun a dteidlíochtaí reachtúla iomarcaíochta a íoc (íoc na n-ollsuimeanna reachtúla iomarcaíochta). Bíonn eolas ginearálta faoi Scéim na nÍocaíochtaí Iomarcaíochta ar fáil ón Aonad Faisnéise um Chearta na Fostaíochta. Is iad na sonraí teagmhála don Aonad ná:

**Teil:** 01-631 3131  
**Lóghlao:** 1890 201 615 (lasmuigh den limistéar 01)  
**Facs:** 01-631 3217  
**Ríomhphost:** [erinfo@entemp.ie](mailto:erinfo@entemp.ie)

*Oibríonn roinnt oifigí agus gníomhaireachta faoi choimirce na Roinne. Dhíríomar aird na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí seo ar phrionsabail na seirbhíse d'ardchaighdeán do chustaiméirí, a liostaítear thíos in Aguisín 4 agus 5 iad.*

## AGUISÍN 4

### OIFIGÍ COMHGHAOLMHARA LEIS AN ROINN

#### AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ

Teach Parnell,  
14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1

**Teil:** (01) 804 5200

**Lóghlao:** 1890 220 226

**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie)

**Gréasán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

#### AN tÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Teach Parnell,  
14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1

**Teil:** (01) 804 5400

**Lóghlao:** 1890 220 224

**Ríomhphost:** [info@tca.ie](mailto:info@tca.ie)

**Gréasán:** [www.tca.ie](http://www.tca.ie)

#### NA BOIRD FHIONTRAÍOCHTA CHONTAE

##### AN BINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA

Teach Davitt,  
65A Bóthar Adelaide,  
Baile Átha Cliath 2

**Teil:** (01) 631 2121

**Lóghlao:** 1890 220 222

**Ríomhphost:** [webmaster@entemp.ie](mailto:webmaster@entemp.ie)

**Gréasán:** [www.entemp.ie/erir/empl\\_appeal.htm](http://www.entemp.ie/erir/empl_appeal.htm)

##### AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS

Teach Tom Johnson,  
Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4

**Teil:** (01) 613 6700

**Lóghlao:** 1890 220 227

**Ríomhphost:** [labrc@iol.ie](mailto:labrc@iol.ie)

**Gréasán:** [www.lrc.ie](http://www.lrc.ie)

#### AN CHÚIRT OIBREACHAIS

Teach Tom Johnson,  
Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4

**Teil:** (01) 613 6666

**Lóghlao:** 1890 220 228

**Ríomhphost:** [info@labourcourt.ie](mailto:info@labourcourt.ie)

**Gréasán:** [www.labourcourt.ie](http://www.labourcourt.ie)

#### OIFIG AN STIÚRTHÓRA GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ

4-5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2  
Teach Norwich Union, 89-90 An Mál Theas, Corcaigh

**Teil:** (01) 402 5500

**Gearáin/Fiosruithe:** (01) 402 5555

**Lóghlao:** 1890 220 229

**Ríomhphost:** [odca@entemp.ie](mailto:odca@entemp.ie)

**Gréasán:** [www.odca.ie](http://www.odca.ie)

#### OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1

**Teil:** (01) 858 5700/ 858 5800

**Lóghlao:** 1890 315 015

**Ríomhphost:** [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)

**Gréasán:** [www.odce.ie](http://www.odce.ie)

#### CLÁRLANN NA gCARA-CHUMANN

Teach Parnell,  
14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1

**Teil:** (01) 804 5499

**Lóghlao:** 1890 220 225

#### OIFIG NA bPAITINNÍ

Foirgnimh an Rialtais  
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh

**Teil:** (056) 7720111

**Lóghlao:** 1890 220 223

**Ríomhphost:** [patlib@entemp.ie](mailto:patlib@entemp.ie)

**Gréasán:** [www.patentsoffice.ie](http://www.patentsoffice.ie)

## AGUISÍN 5

# COMHLACHTAÍ STÁT-URRAITHE FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE

### FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2  
Halla Mhuirfean, Bóthar na Trá, Dumhach Thrá, Baile Átha Cliath 4

Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9

**Teil:** (01) 808 2000

**Ríomhphost:** [info@enterprise-ireland.com](mailto:info@enterprise-ireland.com)

**Gréasán:** [www.enterprise-ireland.com](http://www.enterprise-ireland.com)

### FÁS

27-33 Sráid an Rátha Uachtarach,  
Baile Átha Cliath 4.

**Teil:** (01) 607 0500

**Ríomhphost:** [info@fas.ie](mailto:info@fas.ie)

**Gréasán:** [www.fas.ie](http://www.fas.ie)

### FORFÁS

Teach Pháirc Wilton,  
Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2

**Teil:** (01) 607 3000

**Ríomhphost:** [info@forfas.ie](mailto:info@forfas.ie)

**Gréasán:** [www.forfas.ie](http://www.forfas.ie)

### AN tÚDARÁS SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA

10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2

**Teil:** (01) 614 7000

**Ríomhphost:** [infotel@hsa.ie](mailto:infotel@hsa.ie)

**Gréasán:** [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)

### FFT ÉIREANN

Teach Pháirc Wilton,  
Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2

**Teil:** (01) 603 4000

**Ríomhphost:** [idaireland@ida.ie](mailto:idaireland@ida.ie)

**Gréasán:** [www.idaireland.com](http://www.idaireland.com)

### AN tÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9

**Teil:** (01) 807 3800

**Ríomhphost:** [nsai@nsai.ie](mailto:nsai@nsai.ie)

**Gréasán:** [www.nsai.ie](http://www.nsai.ie)

### NÍTRIGIN ÉIREANN TEORANTA

An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta,  
Lárionad Earlsfort, 1-3 Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

**Teil:** (01) 631 2486

**Ríomhphost:** [niamh\\_griffin@entemp.ie](mailto:niamh_griffin@entemp.ie)

### CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEO.

Lárionad an Bhaile, Baile na Sionna, Co. an Chláir

**Teil:** (061) 361 555

**Ríomhphost:** [info@shannon-dev.ie](mailto:info@shannon-dev.ie)

**Gréasán:** [www.shannon-dev.ie](http://www.shannon-dev.ie)

### IDIRTHRÁDÁIL ÉIREANN

The Old Gasworks Business Park,  
Sráid Kilmorey, lúr Chinn Trá,  
Co. an Dúin BT34 2DE

**Teil:** (048) 3083 4100

**Ríomhphost:** [info@intertradeireland.com](mailto:info@intertradeireland.com)

**Gréasán:** [www.intertradeireland.com](http://www.intertradeireland.com)

### FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA ÉIREANN

Teach Pháirc Wilton,  
Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2

**Teil:** (01) 607 3024

**Ríomhphost:** [webmaster@sfi.ie](mailto:webmaster@sfi.ie)

**Gréasán:** [www.sfi.ie](http://www.sfi.ie)